2025/2461

3.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2461 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 a mhéid a bhaineann le bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1) agus (2) agus Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún ([2]) suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) ('an lotnaid shonraithe') laistigh de chríoch an Aontais a chosc.

(2) Ó bhí 2022 ann, bhunaigh an lotnaid shonraithe í féin i limistéir áirithe den Iodáil, agus níl sé indéanta a thuilleadh í a dhíothú sna limistéir sin. Ar an gcúis sin, ba cheart na limistéir sin a liostú mar limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh na lotnaide sonraithe, inar cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun na críche sin.

(3) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí na ceanglais uile a bhaineann le tabhairt isteach na bplandaí atá in ann an lotnaid shonraithe a óstáil agus a ngluaiseacht laistigh den Aontas a bhaint de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095, ós rud é go bhfuil na ceanglais sin san áireamh in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1953 ón gCoimisiún ([3]).

(4) A mhéid a bhaineann leis an ngéineas *Aesculus*, sa liosta de phlandaí sonraithe, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095, níl ach an speiceas *Aesculus hippocastanum* luaite mar phlanda óstach a bhfuil bearta díothaithe agus srianta le déanamh ina leith. Mar sin féin, tar éis an lotnaid shonraithe a aimsiú ar speicis *Aesculus* eile san Aontas, ba cheart an liosta sin a leathnú chun an ngéineas iomlán *Aesculus* a chumhdach.

(5) Le hAirteagal 6(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095, déantar foráil maidir le maolú ar bhunú limistéar críochaithe faoi choinníollacha áirithe. I gcás ina mbaineann an t-údarás inniúil úsáid as an maolú sin, ní mór dó roinnt beart a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear dianfhaireachas laistigh de gha 1 km ar a laghad timpeall na háite inar aimsíodh an lotnaid. Mar sin féin, i gcásanna an-sonrach inar féidir teacht chun cinn agus láithreacht na lotnaide sonraithe a eisiamh go cinnte tar éis don údarás inniúil measúnú a dhéanamh agus ina meastar gur diomaibhseach an riosca lena mbaineann, níl údar leis an bhfaireachas sin agus, dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ann é a dhéanamh.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2022 lena suitear bearta chun tabhairt isteach, bunú agus leathadh *Anoplophora chinensis* (Forster) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/138/AE (IO L 281, 31.10.2022, lch. 53; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2095/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1953 ón gCoimisiún an 29 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní VII, VIII, XI agus XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/ a mhéid a bhaineann le bearta in aghaidh *Anoplophora glabripennis* (Motschulsky) agus *Anoplophora chinensis* (Forster) a theacht isteach i gcríoch an Aontais agus a láithreacht san Aontas (IO L, 2025/1953, 3.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1953/oj).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 8(1), an ceathrú fomhír, agus Airteagal 9(1), an cúigiú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095, tá na suirbhéanna sa chrios maolánach le bunú ar threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca, ach an tráth céanna, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear ina leith, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad.

(7) Ó bhí 2022 ann, is léir ón taithí a fuarthas agus an Rialachán Cur Chun Feidhme sin á chur i bhfeidhm gur gá leibhéal muiníne dhearadh na suirbhéanna agus na scéime samplála a neartú i gcóngar na láithreacha táirgthe atá lonnaithe i limistéir chríochaithe. Dá bhrí sin, laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall láithreacha táirgthe na bplandaí óstacha, ba cheart foráil a dhéanamh gur cheart dearadh na suirbhéanna agus na scéimeanna samplála a bheith in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal muiníne 99 %. Tá gá leis sin chun luathbhrath na lotnaide sonraithe a ráthú agus chun gluaiseacht fhéideartha ábhair inmhíolaithe laistigh de chríoch an Aontais a chosc.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2095 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2):

'(2) ciallaíonn 'plandaí sonraithe' plandaí le haghaidh plandú a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ná sin ag a bpointe is tibhe, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Fagus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Ostrya* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*;';

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

'(4) ciallaíonn 'plandaí óstacha' plandaí le haghaidh plandú a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó ná sin acu ag an bpointe is tibhe, is é sin plandaí *Acer* spp., *Aesculus* spp., *Alnus* spp., *Betula* spp., *Carpinus* spp., *Chaenomeles* spp., *Citrus* spp., *Cornus* spp., *Corylus* spp., *Cotoneaster* spp., *Crataegus* spp., *Cryptomeria* spp., *Fagus* spp., *Ficus* spp., *Hibiscus* spp., *Lagerstroemia* spp., *Malus* spp., *Melia* spp., *Morus* spp., *Ostrya* spp., *Parrotia* spp., *Photinia* spp., *Platanus* spp., *Populus* spp., *Prunus laurocerasus*, *Pyrus* spp., *Rosa* spp., *Salix* spp., *Ulmus* spp. agus *Vaccinium corymbosum*;';

(3) in Airteagal 2, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(6) ciallaíonn 'limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh' limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú ann agus a liostaítear in Iarscríbhinn II.';

(4) in Airteagal 6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, agus ceithre bliana as a chéile ar a laghad, déanfaidh sé suirbhé ar leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhíolaithe nó ar an áit inar aimsíodh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian le linn na chéad bhliana ar a laghad agus i gcomhréir le hAirteagal 3; mar sin féin, féadfar faireachas den sórt sin a fhágáil ar lár i gcásanna inar féidir láithreacht nó teacht chun cinn lotnaidí sonraithe fásta sa phlanda, san adhmad nó san ábhar pacáistíochta adhmaid a eisiamh go cinnte agus i gcás ina bhfuil na cúiseanna leis an gconclúid sin curtha in iúl don Choimisiún i scríbhinn;';

(5) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Beidh na suirbhéanna sa chrios maolánach bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear sa chrios maolánach, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad. Mar sin féin, laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall láithreacha táirgthe na bplandaí óstacha, le dearadh na suirbhéanna agus na scéime samplála, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal muiníne 99 %.';

(6) in Airteagal 9(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

'Beidh na suirbhéanna sa chrios maolánach bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fónta ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear sa chrios maolánach, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 95 % muiníne ar a laghad. Mar sin féin, laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall láithreacha táirgthe na bplandaí óstacha, beidh siad in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal muiníne 99 %.';

(7) scriostar Airteagail 10, 11 agus 12;

(8) cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN II

Limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh

an Iodáil

Uimhir ráige EUROPHYT an limistéir chríochaithe (LC)	Crios an limistéir chríochaithe	Réigiún	Bardasachtaí nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile
an Lombaird Ráig - 1246 (Milano)	Crios inmhíolaithe	an Lombaird	— Críoch iomlán na mbardasachtaí seo a leanas: Assago (MI), Buccinasco (MI), Canegrate (MI), Cerro Maggiore (MI), Lainate (MI), Nerviano (MI), Parabiago (MI), Pogliano Milanese (MI), Pregnana Milanese (MI), San Giorgio Su Legnano (MI), San Vittore Olona (MI), Vanzago (MI), Zibido San Giacomo (MI). — agus cuid de chríoch na mbardasachtaí seo a leanas: Arese (MI), Arluno (MI), Basiglio (MI), Caronno (VA), Cesano Boscone (MI), Cornaredo (MI), Gaggiano (MI), Garbagnate Milanese (MI), Legnano (MI), Milano, Noviglio (MI), Origgio (VA), Rescaldina (MI), Rho (MI), Rozzano (MI), Settimo Milanese (MI), Uboldo (VA), Trezzano sul Naviglio (MI).
	Crios maolánach	an Lombaird	— Críoch iomlán na mbardasachtaí seo a leanas: Bareggio (MI), Bollate (MI), Busto Garolfo (MI), Casorezzo (MI), Castellanza (VA), Cesate (MI), Corsico (MI), Gerenzano (VA), Lacchiarella (MI), Pero (MI), Pieve Emanuele (MI), Sedriano (MI), Villa Cortese (MI).'